



*Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh:*

Beartas agus Straitéis maidir le  
Litríocht 2018

## Cur Síos Ginearálta agus Comhthéacs

Is é an ról atá ag an gComhairle Ealaíon sa litríocht tacú le forbairt na foirme ealaíne, agus tá páirt lárnach aici<sup>1</sup> i soláthar bonneagair náisiúnta do chultúr na litríochta in Éirinn. Is cuid de shainchúram na Comhairle Ealaíon sa litríocht é filíocht, ficsean, gearrscéalta, litríocht do leanaí, scríbhneoireacht chriticiúil agus cineálacha áirithe neamhfhicsin chruthaithigh. Trí thacaíocht dhíreach agus trí chomhpháirtíochtaí le dreamanna eile, oibríonn an Chomhairle Ealaíon chun deiseanna a chruthú do dhaoine ar fud na tíre dul i ngleic le scríbhneoireacht na hÉireann agus scríbhneoireacht ar fud an domhain. Toisc go dtéann an tionscal foilsitheoireachta idirnáisiúnta, tráchtála chun tairbhe roinnt scríbhneoirí clúiteacha as Éirinn, dírtear tacaíocht na Comhairle Ealaíon ar thithe foilsitheoireachta liteartha dúchasacha, neamhspleácha agus ar iriseáin a thugann ardán do ghuthanna nua, do shaothar turgnamhach agus do scríbhneoirí ar leith as Éirinn.

In [Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh](#), sainaithníonn an Chomhairle Ealaíon dhá réimse tosaíochta beartais: [an t-ealaíontóir](#) agus [rannpháirtíocht an phobail](#). D'fhonn na réimsí tosaíochta sin a chur ar fáil sa litríocht, glacfaidh an Chomhairle an cur chuige seo a leanas sna trí bliana seo romhainn.

## Ealaíontóirí /Scríbhneoirí Litríochta

Tacaíonn an Chomhairle Ealaíon le scríbhneoirí aonair a gcleachtas a fhorbairt go díreach trí na [Dámhachtainí Sparánachta Litríochta](#) agus na [Dámhachtainí Taistil agus Oiliúna](#). Tacaíonn an Chomhairle le roinnt eagraíochtaí acmhainne a sholáthraíonn raon seirbhísí agus deiseanna do scríbhneoirí, idir chomhairle agus mheantóireacht le haghaidh imeachtaí poiblí agus post teagaisc. Tá an fhoilsitheoireacht – bíodh sí i bhfoirm leabhair, ar líne nó in irisí – rithábhachtach d'fhorbairt gairmeacha beatha scríbhneoirí, ag tabhairt tacaíocht luachmhar eagarthóireachta agus ardán i gcomhair oibre, agus tacaíonn an Chomhairle le raon foilsitheoirí agus iriseán dúchasach trína cláir mhaoinithe. Tá an Chomhairle mar chomhpháirtí nó mar cheann-eagraíocht freisin ar roinnt tionscnamh a dearadh chun ómós a léiriú do scríbhneoir aonair, chun gaisce a dhéanamh as foirm scríbhneoireachta ar leith, agus litríocht d'ardchaighdeán a chur ar fáil don phobal. Ina measc sin tá Ollúnacht Éigse Éireann, Laureate na nÓg agus an Laureate i gcomhair Ficsean Éireannach.

Tairgeann Aosdána onóir thábhachtach do scríbhneoirí a bhfuil corpas saothair ar leith acu. Is féidir le comhaltaí Aosdána an Cnuas a úsáid faoi choinníollacha áirithe. Is stipinn é seo a ceapadh le cur ar a gcumas a ndúthracht go léir a chaitheamh lena gcuid oibre.

Is féidir le scríbhneoirí leas a bhaint as tacaíochtaí díreacha trí [Dámhachtainí Ealaíontóirí](#), agus [comhpháirtíochtaí litríochta](#). Tá [Dámhachtainí Sparánachta Litríochta](#) agus [Dámhachtainí Taistil agus Oiliúna](#) deartha chun deiseanna a thabhairt do scríbhneoirí díriú ar shaothar a chruthú. Trína [comhpháirtíochtaí litríochta](#), oibríonn an Chomhairle

---

<sup>1</sup> I measc na ndreamanna tábhachtacha eile tá an líonra leabharlann; díoltóirí leabhar; an tionscal foilsitheoireachta tráchtála in Éirinn agus thar lear (an RA go háirithe); institiúidí tríú leibhéal, go háirithe iad sin a thairgeann cláir i scríbhneoireacht chruthaitheach; an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Ealaíon le roinnt ollscoileanna chun cónaitheachtaí a chur ar fáil do scríbhneoirí. Tugann siad sin deiseanna struchtúrtha do scríbhneoirí atá ag saothrú le fada, rud a shaibhroidh timpeallacht na hollscoile agus a thabharfaidh am agus spás do na scríbhneoirí ag an am céanna chun a gcleachtas féin a fhorbairt. Trína [Maoiniú Straitéiseach](#), tacaíonn an Chomhairle Ealaíon leis an mbonneagar riachtanach a theastaíonn chun earráil litríochta beo a fhorbairt in Éirinn agus, in éineacht leis an [Maoiniú Deontais do na hEalaíona](#), tugann sí deiseanna do scríbhneoirí saothar nua a chruthú agus don lucht féachana tabhairt faoi scríbhneoireacht ar ardchaighdeán.

***Agus í ag tabhairt breis tacaíochta d’ealaíontóirí, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na nithe seo a leanas as seo go ceann trí bliana:***

- Cuirfidh sí feabhas ar thacaíochtaí reatha d’ealaíontóirí aonair, ag tairiscint deiseanna breise d’ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn agus i lár a ngairme, lena n-áirítear sparánachtaí ilbhliantúla a thabhairt isteach arís.
- Leathnóidh sí líon na scéimeanna cónaitheachta do scríbhneoirí chun comhpháirtithe nua a áireamh, sa bhaile agus thar lear.
- Trínár gcomhaontuithe maoinithe le príomheagraíochtaí acmhainne, leagfaimid síos luach saothair cóir agus treoirlínte conartha le haghaidh scríbhneoirí, agus forbróimid meicníochtaí chun comhlíonadh a fhaire agus a chinntiú.
- Trínár gcomhaontuithe maoinithe le príomheagraíochtaí acmhainne, oibreoidimid chun faisnéis, cláir thaighde agus forbartha a fhorbairt a chuirfidh bonn taca faoi thacaíochtaí do scríbhneoirí sa todhchaí.

## Rannpháirtíocht an Phobail agus Litríocht

Sa réimse a bhaineann le rannpháirtíocht an phobail, bíonn an Chomhairle Ealaíon gafa le deiseanna a thabhairt don phobal scríbhneoireacht liteartha a léamh, éisteacht léi agus a bheith ag gabháil di. Cé go dtugann líonra leabharlann na tíre agus an tionscal díolachán leabhar tráchtála deiseanna do léitheoirí leabhair a fháil ar iasacht, agus litríocht a cheannach agus a léamh, tá spéis ag an gComhairle Ealaíon ardán a thabhairt do ghuthanna nua, a théann sa seans nó a bhaineann triail as rudaí, agus cinntíonn sí é sin trí thacaíocht a thabhairt d’fhoilsitheoirí liteartha dúchasacha (trí [Maoiniú Straitéiseach](#) agus [Maoiniú Deontais do na hEalaíona](#)).

Is spéis leis an gComhairle freisin deiseanna a chur ar fáil don phobal a bheith ag obair agus ag caint le húdair ar bhealach níos díri, agus tacaíonn sí le raon féilte agus imeachtaí liteartha chuige sin (trí [Maoiniú Straitéiseach](#) agus [Maoiniú Deontais do na hEalaíona](#) agus [Scéim Infheistíochta na bhFéilte](#)). Cé go dtairgeann imeachtaí beo le húdair agus féilte liteartha deiseanna luachmhara don phobal, tá easnamh ann maidir le beartais agus straitéisí na Comhairle Ealaíon i dtaca le léitheoireacht.

***Agus rannpháirtíocht an phobail á forbairt tuilleadh, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na rudaí seo a leanas as seo go ceann trí bliana:***

- Neartóidh sí an tacaíocht don fhoilsitheoireacht liteartha in Éirinn ar bhealach a chinntíonn go mairfidh an tionscal criticiúil seo atá ag athrú de shíor.

- Cuirfidh sí le heolas na Comhairle Ealaíon maidir le lucht féachana litríochta d'fhonn beartas a threorú sa todhchaí.
- Forbróidh sí beartas agus straitéis chun léitheoireacht a fhorbairt agus a mhéadú, i gcomhpháirtíocht le leabharlanna, díoltóirí leabhar agus dreamanna eile. Laistigh de sin, cinnteoidh sí maidir leis an straitéis i gcoitinne:
  - Go bhfreagraíonn sí do phróifíl dhéimeagrafach athraithe na hÉireann.
  - Go bhfreastalaíonn sí ar riachtanais shonracha leanaí agus daoine óga.
- Go dtógfaidh sí ar rath agus ar leathadh féilte liteartha, go neartóidh sí cumais na n-ionad tionóil i gclársceidealú liteartha

## Sainréimsí Forbartha na Litríochta

Bíonn tionchar ag raon saincheistanna eile a bhfuil ábharthacht straitéiseach ar leith acu don litríocht ar an réimse do scríbhneoirí, lucht féachana liteartha agus do léitheoirí i gcoitinne.

### Litríocht na Gaeilge

Tá an Chomhairle Ealaíon ar cheann de líon beag gníomhaireachtaí a bhfuil ról aici ag tacú le forbairt na litríochta Gaeilge. Tá roinnt dúshlán suntasach os comhair na hearnála leochailí seo, lena n-áirítear forbairt lucht féachana/éisteachta, léitheoirí, aistriúchán, comhpháirtíochtaí, cur chun cinn agus scríbhneoireacht chriticiúil.

### ***Chun dul i ngleic leis sin, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na rudaí seo a leanas as seo go ceann trí bliana:***

- Oibreoidh sí le comhpháirtithe ábhartha chun ról agus freagrachtaí a shoiléiriú, agus tacaíochtaí sainiúla a fhorbairt chun dul i ngleic le riachtanais na litríochta Gaeilge.

### An fhoilsitheoireacht

Tá athrú ó bhonn tagtha ar an gcúlra i gcomhair foilsitheoireachta le deich mbliana anuas: beartais phraghsála agus cheannacháin, titim ar dhíolacháin, iomaíochas domhanda, agus an méadú tobann ar ardáin dhigiteacha (díol, dáileachán, priontáil, margaíocht) rudaí ar fad a chuir athrú ar an timpeallacht ina bhfeidhmíonn foilsitheoirí liteartha dúchasacha.

In ainneoin na mbrúnna domhanda agus áitiúla sin, tá tionscal na foilsitheoireachta in Éirinn dinimiciúil agus gníomhach, agus, ag glacadh leis an ardú le déanaí ar an spéis i scríbhneoireacht na Gaeilge agus ar leathadh na ndámhachtainí liteartha, tá deiseanna fós ag foilsitheoirí na hÉireann a seasamh a fhorbairt agus a mhéadú ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ar an gcaoi chéanna, tairgeann roinnt ardán éagsúla – irisí, paimfléid, meáin nua – bealaí oibre do scríbhneoirí ag céimeanna éagsúla dá ngairmeacha, agus tugann siad meascán iontach de scríbhneoireacht nua agus éagsúil do léitheoirí. Mar gheall ar chomh drogallach roimh rioscaí atá an fhoilsitheoireacht thráchtála anois níos mó ná riamh, is ardáin luachmhara iad seo má tá an fhoirm ealaíne chun teacht slán.

Is beag athrú a tháinig ar thacaíocht na Comhairle Ealaíon i gcoinne an chúlra athraithe sin, agus is caoithiúil agus tráthúil don Chomhairle scrúdú agus athnuachan a dhéanamh ar an mbealach a dtacaíonn sí leis an tionscal cruthaitheach seo, atá riachtanach agus ag athrú de shíor.

***Chun dul i ngleic leis sin, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na rudaí seo a leanas as seo go ceann trí bliana:***

- Tabharfaidh sí faoi athbhreithniú cuimsitheach agus forbróidh sí straitéis shonrach maidir le tacaíocht na Comhairle Ealaíon don fhoilsitheoireacht in Éirinn, ag obair chun éachtaí foilsitheoireachta le déanaí anuas a chomhdhlúthú, agus Éire a bhunú mar ionad den scoth i bhfoilsitheoireacht liteartha neamhspleách.

## Réimsí Eile as *Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh* ina bhfuil Leas Straitéiseach ag an Litríocht

***Sa réimse idirnáisiúnta, déanfaidh an Chomhairle Ealaíon na rudaí seo a leanas as seo go ceann trí bliana:***

- Leanfaidh sí ag forbairt na ngnéithe idirnáisiúnta a bhaineann leis an Laureate i gcomhair Ficsean Éireannach agus Laureate na nÓg.
- Spreagfaidh sí tacaíocht don aistriúchán agus déanfar scaipeadh níos forleithne ar scríbhneoireacht liteartha i nGaeilge.
- Leathnóidh sí agus cuirfidh sí chun cinn deiseanna taistil agus oiliúna gairmithe litríochta.
- Leathnóidh sí agus cuirfidh sí chun cinn cláir chónaitheachta idirnáisiúnta do scríbhneoirí ag gach céim dá ngairmeacha.